Seirbhís Phríosúin
na hÉireann
Irish Prison Service

Seirbhís Idirchaidrimh d'Íospartaigh

Leabhrán Faisnéise

Réamhrá

Tuigeann Seirbhís Phríosúin na hÉireann go maith cruachás na n-íospartach agus na hiarmhairtí damanta féideartha a ghabhann le cionta.

Aithníonn an tSeirbhís nach ionann gach aon chion a tharlaíonn ar íospartaigh, mar gheall ar na héagsúlachtaí a bhaineann leis an chion, agus díríonn an tSeirbhís ar thaithí agus iarmhairtí an íospartaigh é/í féin chun deis a thabhairt dóibh eolas a fháil ar phríosúnaigh a rinne cion orthu nó ar a gcuid teaghlaigh.

Is cinnte go gcaithfear machnamh cuí a dhéanamh ar mhothúcháin agus ar chúiseanna imní an teaghlaigh atá i lár an chion, ach, caithfear an machnamh céanna a dhéanamh ar ghnéithe contrátha eile - cosúil le hathshlánú na gciontóirí agus ath-imeascadh sochaí s'acu chun cothromaíocht a bhaint amach.

Tá Seirbhís Phríosúin na hÉireann tiomanta i dtreo a gcuid freagrachtaí, mar a leagtar amach i gCuid 2 den Acht um Cheartas Coiriúil (Íospartaigh na Coireachta), 2017 a chomhlánú. Trasuíodh an tAcht sa dlí in Éirinn, mar chuid de Threoir AE 2012/29.

Chun tuilleadh eolais a fháil ar an Acht um Cheartas Coiriúil (Íospartaigh na Coireachta), 2017, breathnaigh ar **www.oireachtas.ie**

Ról an Oifigigh Idirchaidrimh

Nuair a iarrann íospartaigh de thoradh ar chionta, baill teaghlaigh s'acu nó fiú duine tríú páirtí atá ag feidhmiú ar a shon nó ar a son, ar an tSeirbhís chun eolas a fháil, téann an tOifigeach Idirchaidrimh d'Íospartaigh i dteagmháil leo ar bhonn reatha agus pléann siad cúrsaí forbartha an phríosúnaigh maidir le fad agus forbairt breithe s'acu.

Comhlánaítear oibleagáidí na Seirbhíse faoi Chuid 2 den Acht um Cheartas Coiriúil (Íospartaigh na Coireachta), 2017, maidir le heolas a thabhairt amach agus clúdaítear é sin:

- Eolas i dtaca le scaoileadh saor sealadach an chiontóra;
- Eolas i dtaca le scaoileadh as príosún an chiontóra;
- Eolas i dtaca le hathlonnú príosúin, coinne otharlainne nó láithreas cúirte an chiontóra;
- Eolas i dtaca le héalú ó choimeád an phríosúin (más infheidhme);
- Fógraí i dtaca le hathbreithniú ón Bhord Pharúil atá le teacht (agus toradh an athbhreithnithe ina dhiaidh)

Déantar gach iarracht eolas i dtaca le scaoileadh as príosún iomlán agus scaoileadh saor sealadach an phríosúnaigh a thabhairt roimh ré, ach tarlaíonn eisceachtaí. In amanna, titeann iarratais phráinneacha na bpríosúnach amach mar gheall ar chúrsaí truachríocha taobh amuigh agus in amanna eile, scaoiltear ciontóirí amach de dheasca Ordú Cúirte. Nuair a tharlaíonn a leithead de seo, cuirfidh an tOifigeach Idirchaidrimh d'Íospartaigh an t-íospartach ar an eolas faoin scaoileadh chomh luath agus is féidir.

Is féidir leis an Oifigeach Idirchaidrimh d'Íospartaigh eolas ginearálta maidir leis an Chóras Príosúin a thabhairt d'íospartaigh, cosúil le réimeas difriúil an phríosúin, an maitheamh atá i gceist agus oibríocht an Bhoird Pharúil a ghabhann leis.

Is ar bhonn rúnda amháin a bhíonn an tOifigeach Idirchaidrimh d'Íospartaigh ag plé na rudaí seo le híospartaigh de thoradh ar chionta.

Ní mór duit a thabhairt faoi deara gur Seirbhís dheonach í Seirbhís Idirchaidrimh d'Íospartaigh de chuid Seirbhís Phríosúin na hÉireann. Bunaíodh í chun deis a thabhairt d'Íospartaigh (nó a dteaghlaigh) eolas a fháil ar phríosúnaigh. Is féidir le híospartaigh cláraithe a mheon nó a meon a athrú agus éirigh as an tSeirbhís nuair is mian leo agus níl i gceist ach teagmháil a dhéanamh leis an tSeirbhís trí shonraí teagmhála na Seirbhíse arna lua sa leabhrán seo.

Sainmhíniú ar Íospartach

Ciallaíonn 'íospartach':

1. Duine a d'fhulaing díobháil, lena n-áirítear díobháil fhisiceach, meabhrach, mothúchánach nó caillteanas eacnamaíoch, de bharr cion coiriúil go díreach a tharla dó/di.

2. Baill teaghlaigh a chaill duine muinteartha s'acu nó bhí an duine muinteartha gortaithe de bharr cion coiriúil a tharla dó/di. Clúdaítear céilí agus páirtithe a bhí, nó atá, ina chónaí leis an íospartach sna baill teaghlaigh. Is ionann baill teaghlaigh agus siblíní, garghaoil agus cleithiúnaithe chomh maith.

Cé atá incháilithe eolas a fháil?

Féadfaidh duine a bheith incháilithe eolas a fháil más rud é:

- Gur íospartach é nó í de thoradh ar chion ciontóra éigin agus an ciontóir sin i bpríosún. Féadfaidh an t-íospartach ionadaí a ainmniú chun an t-eolas a fháil ar a shon nó ar a son, más mian leo;

- Nach íospartach é nó í féin ach gur duine de neasteaghlach an íospartaigh iad nó go raibh baint mhaith acu le duine a fuair bás nó gortú de thoradh ar chion éigin.

Ní mór duit a thuiscint nach mbeidh clárú s'agat leis an tSeirbhís Idirchaidrimh d'Íospartaigh agus Seirbhís Phríosúin na hÉireann bailí ach amháin le linn tréimhse na breithe í féin.

Caithfear an tOifigeach Idirchaidrimh d'Íospartaigh a bheith cúramach roimh íospartaigh incháilithe amháin a chlárú, mar gheall ar íogaireacht na sonraí a fhaigheann íospartaigh incháilithe, agus tá seans ann go gcaithfear an tOifigeach teagmháil a dhéanamh leis an Gharda Síochána chun eolas beacht an iarratais a chinntiú.

Cén dóigh ar féidir liom iarratas a

Más mian leat leas a bhaint as an tSeirbhís Idirchaidrimh d'Íospartaigh (nó éirigh as an tSeirbhís fiú), ní mór duit teagmháil a dhéanamh leis an Oifigeach Idirchaidrimh d'Íospartaigh:

- Trí guthán - 043 333 5100
- Trí ríomhphost - **vlo@irishprisons.ie**
- Ar líne ar shuíomh gréasáin na Seirbhíse - **www.irishprisons.ie**
- Nó tríd an fhoirm atá nasctha leis an leabhrán seo a sheoladh chuig:
  An tOifigeach Idirchaidrimh d'Íospartaigh
  Ceanncheathrú Sheirbhís
  Phríosúin na hÉireann, Páirc
  Ghnó IDA
  Bóthar Bhéal
  Átha na Lao,
  An Longfort
  N39 A308

Is féidir teagmháil a dhéanamh leis an Oifigeach Idirchaidrimh d'Íospartaigh le linn uaireanta oifige (9:30 AM - 5:30 PM) Luan go hAoine

I gcás nach gcomhlánófar do mhianta

Más mian leat gearán ar bith a thaisceadh faoi chuid ar bith dár seirbhís, ní mór duit ach do ghearán a scríobh agus é a sheoladh chuig an tseoladh seo a leanas:

Príomh-Oifigeach Cúnta,
Seirbhís Idirchaidrimh
d'Íospartaigh
Ceanncheathrú Sheirbhís
Phríosúin na hÉireann, Páirc
Ghnó IDA
Bóthar Bhéal
Átha na Lao,
An Longfort
N39 A308

Cosaint Sonraí

Tá Seirbhís Phríosúin na hÉireann tiomanta roimh chosaint a dhéanamh ar gach sonra pearsanta a mbaileofar uait. Feidhmíonn Seirbhís Phríosúin na hÉireann mar ghníomhaireacht feidhmiúcháin de chuid na Roinne Dlí agus Cirt. Ciallaíonn sin go bhfuil Seirbhís Phríosúin na hÉireann faoi rialú ag Polasaí Chosaint Sonraí na Roinne, ina leagtar próiseas bainistíochta na sonraí amach.

Chun tuilleadh eolais a fháil ar an Pholasaí Chosaint Sonraí, breathnaigh ar shuíomh gréasáin na Seirbhíse - **www.irishprisons.ie**

SEIRBHÍS SAORFHREAGRA
Uimh. Cheadúnais LO41

Ná ceangal Stampaí Postais leis má phostáiltear in Éirinn é

An tOifigeach
Idirchaidrimh
d'Íospartaigh, Ceannáras
Sheirbhís Phriosuin na
hÉireann
Páirc Ghnó IDA,
Bóthar Bheal Átha
an Leo, An
Longfort
N39 A308

FOIRM IARRATAIS

Is mian liom iarratas a dhéanamh chun eolas a fháil ar phríosúnach éigin

MO SHONRAÍ:

Ainm
Seoladh
....
Uimhir Teagmhála
Seoladh Ríomhphoist

Nóta Tábhachtach: Má thagann athrú ar do chuid sonraí, ní mór duit do shonraí nua a chur in iúl don Oifigeach Idirchaidrimh d'Íospartaigh chun eolas fós a fháil

SONRAÍ AN CHIONA

Ainm an Chiontóra
Dáta an Chiona

Cur Síos an Chiona
.....
.....
.....
.....

I gcás gur mhaith leat go bhfeidhmeofar duine ar do shon nó ar do son, líon an chuid seo a leanas:

SONRAÍ AN IONADAÍ:

Ainm Comhlacht (más infheidhme) Seoladh
.....
.....
.....

Uimhir Teagmhála

Seoladh Ríomhphoist

SÉALAIGH AN FHOIRM SEO AGUS SEOL É TRÍD AN PHOST

(Níl Stampa de Dhíth)

Seirbhís Phríosúin
na hÉireann
Irish Prison Service

An tOifigeach Idirchaidrimh
d'Íospartaigh
Ceanncheathrú Sheirbhís Phríosúin na
hÉireann Páirc Ghnó IDA An Longfort
N39 A308
Éire

www.irishprisons.ie